CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 321 Eagrán Speisialta Gaeilge an 17 Nollaig 2018)

1. Ar leathanach 122, pointe (b) d'Airteagal 32(4):

in ionad: "(b) gnóthas a ainmniú nó gan a ainmniú, go leithleach nó i gcomhpháirt le gnóthais eile, cumhacht shuntasach sa mhargadh a bheith aige, faoi Airteagal 67(3) nó (4);",

léitear: "(b) a chinneadh gnóthas a ainmniú nó gan a ainmniú, go leithleach nó i gcomhpháirt le gnóthais eile, mar ghnóthas a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige, faoi Airteagal 67(3) nó (4);".

2. Ar leathanach 145, an chéad fhomhír d'Airteagal 61(1):

in ionad: "Ag gníomhú dóibh ar mhaithe leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, spreagfaidh na húdaráis rialála náisiúnta nó údaráis inniúla eile, i gcás phointe (b) agus phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo ...",

léitear: "Ag gníomhú dóibh ar mhaithe leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, spreagfaidh na húdaráis rialála náisiúnta nó, i gcás phointe (b) agus phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo, na húdaráis rialála náisiúnta nó na húdaráis inniúla eile ...".

3. Ar leathanach 145, an chéad fhomhír d'Airteagal 61(2):

in ionad: "2. Go háirithe, gan dochar do bhearta a fhéadfar a ghlacadh maidir le gnóthais a ainmnítear mar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu i gcomhréir le hAirteagal 68, beidh údaráis rialála náisiúnta nó údaráis inniúla eile, i gcás phointe (b) agus phointe (c) den fhomhír seo, in ann na nithe seo a leanas a fhorchur: ...",

léitear: "2. Go háirithe, gan dochar do bhearta a fhéadfar a ghlacadh maidir le gnóthais a ainmnítear mar ghnóthais a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu i gcomhréir le hAirteagal 68, beidh údaráis rialála náisiúnta nó, i gcás phointe (b) agus phointe (c) den fhomhír seo, na húdaráis rialála náisiúnta nó na húdaráis inniúla eile in ann na nithe seo a leanas a fhorchur: ...".